

Cur Chuige an Eochairdhuine a Úsáid

Naisc le **hAistear** agus le **Síolta**

Aistear

Téamaí: Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid a Dhéanamh, Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht
Treoirlínte don Dea-Chleachtas: Foghlaim agus forbairt trí idirghníomhaíochtaí (lgh. 27-51)

Caighdeán Síolta

1: Ceartha an Linbh, C1.1, 1.2, 1.3

5: Idirghníomhaíochtaí, C5.1, 5.2, 5.3, 5.4, 5.5

Achoimrí Taighde nasctha leis na Caighdeáin thuas

Breathnaítear ar a ndéanann Eochairdhuine sa leidbhileog seo. Tugtar breac-chuntas ar na buntáistí a bhaineann le Cur Chuige an Eochairdhuine agus aibhsítear roinnt rudaí is cóir a chur san áireamh nuair atá an cur chuige seo á eagrú.

Céard atá i gceist le Cur chuige an Eochairdhuine?

Baintear úsáid as Cur Chuige an Eochairdhuine i gcuid mhaith suíomhanna luath-óige d'fhonn cabhrú le leanaí ceangail dhaingne a dhéanamh le hEochairdhuine agus dlúthchaidreamh a chothú leis/léi. I gcás an chuir chuige seo, sanntar duine ainmnithe do gach aon leanbh agus bíonn sé/sí freagrach as dlúthchaidreamh a chothú leis an naíonán, an lapadán, nó an leanbh óg, agus lena t(h)eaghlach.

Tacaíonn Cur Chuige an Eochairdhuine le foghlaim agus forbairt an linbh ar an iomlán. Éiríonn níos fearr le leanaí nuair a bhíonn caidrimh chairdiúla, mothálacha acu le daoine eile. Nuair a airíonn siad slán sábháilte agus sona sásta, agus nuair is féidir leo muinín a chur sna daoine fásta a bhíonn thart orthu, bíonn níos mó muiníne acu leis an saol mórthimpeall orthu a fhiosrú, triail a bhaint as rudaí nua, agus rudaí nua a fhoghlaim. Éiríonn siad níos neamhspleáiche nuair a bhíonn a fhios acu gur féidir leo talamh shlán a dhéanamh de go gcuirfidh na daoine fásta ar a suaimhneas iad agus go dtabharfaidh siad solás dóibh in am an ghátair. Nuair a chaitheann Eochairdhaoine i suíomhanna luath-óige a gcuid ama ag tabhairt aire do naíonán, lapadán, nó leanaí óga sa ghrúpa beag a bhfuil siad freagrach as, ag súgradh leo agus ag labhairt leo, cothaítear caidrimh chothaitheacha den sórt a chabhraíonn le leanaí aireachtáil idir mhúinéach agus inniúil.

Oibríonn na cleachtóirí ar fad le gach leanbh ina seomra agus cuireann siad aithne orthu. Cuireann Eochairdhaoine aithne an-mhaith ar ghrúpa beag 'eochairleanaí', le cois a ngnáth-idirghníomhaíochtaí laethúla le tuismitheoirí agus le teaghlach. Feidhmíonn siad mar an nasc idir an suíomh agus an baile sa chaoi a ndéanann siad foghlaim agus forbairt na leanaí seo a mheas, a dhoiciméadú, agus a phleanáil agus sa chaoi a ndéanann siad an fhaisnéis seo a chur ar a súile do thuismitheoirí agus do dhaoine ábhartha eile, mar shampla, teiripeoir urlabhra nó oibrí sóisialta.

Céard a dhéanann Eochairdhuine?

Tacaíonn an tEochairdhuine le féiniúlacht forbraíochta an linbh agus freagraíonn sé/sí go tuisceanach do chumarsáid, mothúcháin, agus iompar an linbh. Bíonn sé/sí feasach ar roghanna agus ar riachtanais an linbh agus theaghlach an linbh (mar shampla, na rudaí is maith agus nach maith leis/léi i gcás bia, codladh, míreanna suaimhnis, gníomhaíochtaí) agus cinntíonn sé/sí go léirítear meas dóibh sin agus go gcuirtear chun cinn iad.

An tEochairdhuine:

- feidhmíonn sé/sí mar **phointe teagmhála cairdiúil** do thuismitheoirí agus do theaghlach tráth a dtosaíonn an leanbh amach sa suíomh, agus ag tús an lae agus ag deireadh an lae gach lá.
- cuireann sé/sí **eolas ar ábhair spéise, roghanna, meon, bealaí cumarsáide (idir bhriathartha agus neamhbhriathartha), agus riachtanais mhothúcháin agus fhisiciúla gach linbh**, agus freagraíonn sé/sí go tuisceanach dóibh sin.
- bíonn sé/sí eolach ar theanga, cúlra, agus cultúr an linbh agus cinntíonn sé/sí **go léirítear tuiscint agus meas dóibh sa suíomh, agus go léirítear sa suíomh iad**.
- feidhmíonn sé/sí mar **bhonn daingean** don leanbh, ónar féidir leis/léi dul ag taiscéaladh nó ag idirghníomhú le daoine eile.
- breathnaíonn sé/sí ar fhoghlaim agus ar fhorbairt an linbh, déanann sé/sí iad sin a mheas, déanann sé/sí taifead orthu, agus cabhraíonn sé/sí le heispéiris nua a phleanáil a dhéanann forbairt ar ábhair spéise agus a thugann cúnamh don leanbh **foghlaim agus forbairt ar bhealach iomlánaíoch**.
- cuireann sé **faisnéis thábhachtach** ar a súile do thuismitheoirí, mar shampla, nuair a dhéanann an naíonán, an lapadán, nó an leanbh óg rud éigin nua, nuair a deir sé/sí rud éigin nua, nuair a bhaineann sé/sí an-taitneamh as rud éigin, nó nuair a dhéanann sé/sí cairdeas le duine.
- déanann sé/sí éascaíocht ar **aistrithe** don leanbh trí chabhrú le heispéiris agus daoine nua a chur i láthair, agus trí chabhrú leis an leanbh **an lámh in uachtar a fháil ar athruithe**, mar shampla, ag an gcéim socrú isteach, ag bogadh trí ghníomhaíochtaí le linn an lae, nó ag caitheamh ama i seomra nua in éineacht leis an leanbh leis an aistriú chuig grúpa nua nó chuig ball foirne nua a éascú.

Céard iad na buntáistí a bhaineann le Cur Chuige an Eochairdhuine?

- **I gcás an naíonáin, an lapadáin, agus an linbh óig:**
Tá duine speisialta agam i gcónaí ar féidir liom dul chuige/chuici nuair a bhím in ísle brí agus barróg ag teastáil uaim, nó nuair a thagaim ar rud éigin nua is mian liom a thaispeáint do dhuine eile. Is eol dom an chaoi a bhfuil rudaí, agus airím slán sábháilte agus muiníneach go leor le breathnú thart ar mo thimpeallacht, triail a bhaint as rudaí nua, súgradh, foghlaim, agus spraoi a bheith agam.
- **I gcás an tuismitheora:**
Tá a fhios agam go mbíonn forbairt mo linbh á cothú agus go mbíonn duine éigin ann ar féidir leis/léi dul chuige/chuici nuair nach mbím féin ann. Tá a fhios agam go dtugtar cluas dom, agus go bhfuil aithne agam ar dhuine sa suíomh ar féidir liom labhairt leis/léi faoi mo leanbh.
- **I gcás an Eochairdhuine:**
Is féidir liom aithne an-mhaith a chur ar na leanaí atá i mo ghrúpa agus ar a dteaghlach, rud a chabhraíonn liom bheith níos éifeachtaí i mo chuid oibre. Is féidir liom breathnú ar an gcaoi a bhfásann agus a bhforbraíonn na leanaí atá i mo ghrúpa le himeacht na bliana, agus is féidir liom tacú leis seo ach eispéiris fhóirsteanacha, thaitneamhacha a phleanáil dóibh ionas go bhféadann siad dul chun cinn a dhéanamh ó thaobh foghlama agus forbartha de. Is eol dom na rudaí a mbeidh suim acu iontu, agus cén chaoi iad a chur ar a suaimhneas nuair a bhíonn siad trína chéile.

Cur Chuige an Eochairdhuine a Eagrú

D'fhéadfadh sé go mbeadh na pointí seo a leanas úsáideach i dtaca le Cur Chuige an Eochairdhuine a eagrú i suíomh.

- Is minic a léiríonn leanaí i suíomh gur fearr leo duine amháin seachas duine eile agus téann siad chuig an duine sin nuair a bhíonn siad trína chéile, breoite, nó tuirseach. Oiread agus is féidir, is cóir meas a léiriú do **roghanna** na leanaí agus Eochairdhuine á shannadh dóibh.
- Is tábhachtach an rud é go mbeidh caidreamh ag an leanbh le duine eile nó le **duine cúltaca** agus le baill foirne eile, i dteannta an Eochairdhuine.
- Eagraigh rótaí/saoirí/aistrithe foirne **le go dtabharfaidh an tEochairdhuine céanna aire don naíonán, lapadán, nó leanbh óg gan bhriseadh**, nó duine cúltaca eile a bhfuil aithne ag an leanbh air/uirthi nuair nach mbíonn sé sin indéanta. Ba chóir go mbeadh aithne ag leanaí ar dhuine amháin ar a laghad i gcónaí.
- Cinntigh go gcloífidh na daoine siúd a thugann aire don naíonán, lapadán, nó leanbh óg leis **na gnáthaimh agus na cuir chuige chúraim chéanna**, oiread agus is féidir, le go mbeidh a fhios ag an leanbh an chaoi a bhfuil rudaí.
- **Tá tábhacht nach beag ag baint leis na hamanna sroichte agus imeachta**, mar sin cinntigh go mbainfidh an tEochairdhuine feidhm astu le comhrá a dhéanamh le tuismitheoirí, le faisnéis a chomhroinnt leo, le hábhair inmí a chur ar a súile dóibh, agus leis na naisc a chothú idir an baile agus an suíomh.
- I gcásanna áirithe **bogann Eochairdhuine chuig seomra eile** in éineacht lena g(h)rúpa leanaí, rud a dhéanann an t-aistriú níos éasca do chách.